Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en, es)**

**12602/23**

**POLGEN 118**
**AG 90**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Spáinn |
| An: | 17 Lúnasa 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Iarraidh ón Spáinn chun modhnú a dhéanamh ar Rialachán Uimh 1 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta ó Thoscaireacht na Spáinne maidir le togra le haghaidh leasú ar Rialachán Uimh 1, ag féachaint don chruinniú a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 19 Meán Fómhair 2023.

**IARSCRÍBHINN 1**

An 17 Lúnasa 2023, d'iarr Rialtas na Spáinne ar Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh an nós imeachta a sheoladh lena leasaítear Rialachán 1/1958 agus lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag an Aontas chun go gcuirfear an Chatalóinis, an Bhascais agus an Ghailísis – teangacha a bhfuil stádas oifigiúil acu sa Spáinn agus a aithnítear mar theangacha comhoifigiúla in Airteagal 55(2) sa Chonradh ar an Aontas Eorpach - san áireamh sna socruithe teanga seo.

Cuirtear an togra chun Rialachán 1/1958 a leasú i láthair thíos.

IM 009422.2023
An 17 Lúnasa 2023

| |
|---|
| BUANIONADAÍOCHT<br>NA SPÁINNE AE<br>AN BHRUISÉIL<br>ARNA SEOLADH |
| Dáta AN 17 LÚNASA 2023 |
| A25 93739 |

RIALTAS NA SPÁINNE — AIREACHT GNÓTHAÍ EACHTRACHA, AN AONTAIS EORPAIGH AGUS COMHAIR

Chuig: an Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Maidrid, an 17 Lúnasa 2023

Tugtar fógra leis seo do chinneadh Rialtas na Spáinne iarraidh ar an gComhairle go gcuirfear an Chatalóinis, an Bhascais agus an Ghailísis – ar teangacha iad, le cois na Caistílise, a bhfuil stádas oifigiúil acu sa Spáinn – san áireamh i gcóras teanga an Aontais Eorpaigh, trí Rialachán Uimh. 1 (IO 17, 6.10.1958, lch.358) a bhfuil an córas teanga seo faoina réir, a leasú, i gcomhréir le hAirteagal 342 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, gan dochar do na forálacha atá i Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Ba mhór againn é dá seolfaí na himeachtaí bunaithe lena ndéanfar an leasú seo sa Chomhairle, agus dá gcuirfí an t-ábhar san áireamh ar chlár oibre an chéad chruinnithe eile den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta eile a reáchtálfar an 19 Meán Fómhair 2023.

Cuirfear nuashonruithe maidir le dul chun cinn ar an gceist seo ar fáil go tráthúil, le bhur dtoil.

(Críoch moltach)

José Manuel Albares Bueno
Aire Gnóthaí Eachtracha, an Aontais Eorpaigh
agus Comhair

cc Thérèse Blanchet, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh

CÓD DEIMHNIÚCHÁIN SLÁNDÁLA (CSC): GEN-6d42-7d1a-dbc3-64b5-3d69-c087-6e6c-5eff
SEOLADH BAILÍOCHTAITHE: https://sede.administracion.gob.es/pagSedeFront/servicios/consultaCSV.htm
SÍNITHEOIR (1): JOSÉ MANUEL ALBARES BUENO / DÁTA: An 17 Lúnasa 2023 06:47 / gníomhaíocht shonrach ar bith

<u>**IARSCRÍBHINN 2**</u>

**RIALACHÁN UIMH 1**

**lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa**

TÁ COMHAIRLE CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA,

Ag féachaint don Airteagal ~~217 den Chonradh~~ **342 CFAE** ina bhforáiltear gurb í an Chomhairle, ag gníomhú d'aon toil di, a chinnfidh na rialacha faoina rialaítear teangacha institiúidí an Chomhphobail, gan dochar do na forálacha atá i rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais;

de bhrí go n-aithnítear gach ceann de na ceithre teanga inar dréachtaíodh an Conradh mar theanga oifigiúil i gceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Chomhphobail;

**De bhrí, i gcomhréir le hAirteagal 55(2) TEU, gur aistríodh na Conarthaí go Catalóinis, Bascais agus Gailísis,**

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is iad na teangacha seo a leanas teangacha oifigiúla agus teangacha oibre institiúidí an Aontais feasta: an **Bhascais**, an Béarla, an Bhulgáiris, an **Chatalóinis**, , an Danmhairgis, , an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an **Ghailísis**, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis agus an tSualainnis, an Ungáiris.

Airteagal 2

Doiciméid a chuirfidh Ballstát nó duine atá faoi réir dhlínse Bhallstáit chuig institiúidí an Chomhphobail, féadfar iad a dhréachtú in aon cheann de na teangacha oifigiúla a roghnóidh an seoltóir. Déanfar an fhreagairt a dhréachtú sa teanga chéanna.

Airteagal 3

Doiciméid a chuirfidh institiúid de chuid an Chomhphobail chuig Ballstát nó duine atá faoi réir dhlínse Bhallstáit, is i dteanga an Stáit sin a dhréachtófar an fhreagairt.

Airteagal 4

Is sna teangacha oifigiúla a dhréachtófar rialacháin agus doiciméid a bhfuil feidhm ghinearálta acu.

Airteagal 5

Is sna teangacha oifigiúla a fhoilseofar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 6

Féadfaidh institiúidí an Chomhphobail a shonrú, sna rialacha nós imeachta, cé acu teanga a bheidh le húsáid i gcásanna sonracha.

Airteagal 7

Is i rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais a leagfar amach na teangacha atá le húsáid ina cuid imeachtaí.

Airteagal 8

Má tá níos mó ná teanga oifigiúil amháin ag Ballstát, is faoi na rialacha ginearálta a bhaineann le dlí an Bhallstáit sin a bheidh an teanga a úsáidfear, arna iarraidh ag Stát mar sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.